Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Rialú Buiséadach

2025/2237(INI)

6.2.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le rialú ghníomhaíochtaí airgeadais Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2024
(2025/2237(INI))

An Coiste um Rialú Buiséadach

Rapóirtéir: Dick Erixon

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le rialú ghníomhaíochtaí airgeadais Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2024

(2025/2237(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Thuarascáil Infheistíochta BEI 2024/2025 - Nuálaíocht, lánpháirtiú agus simpliú san Eoraip, a foilsíodh an 5 Márta 2025,

– ag féachaint do Thuarascáil Speisialta 07/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 19 Márta 2025 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha,

– ag féachaint do ráiteas CC 1/2025 ó Choiste Teagmhála Uasfhorais Iniúchóireachta an Aontais Eorpaigh an 30 Meán Fómhair 2025 maidir le hiniúchadh poiblí seachtrach an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta,

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A10-0000/2026),

A. de bhrí gurb é príomh-mhisean Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI) borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch san Aontas; de bhrí gur cheart dá infheistíochtaí aghaidh a thabhairt ar fhíorchlistí margaidh;

B. de bhrí gur inniúlachtaí náisiúnta go príomha iad réimsí beartais shóisialta; de bhrí nach féidir maoiniú BEI a úsáid in ionad buiséid náisiúnta agus nach mór dó fíorbhreisíocht a léiriú;

C. de bhrí gur cheart go mbeadh doimhneacht agus cáilíocht mhaoirseacht na Parlaiminte ar oibríochtaí airgeadais BEI i gcomhréir le déine an chomhair idir BEI agus an Coimisiún, rud atá an-suntasach anois;

D. de bhrí go bhfuil BEI faoi úinéireacht na mBallstát, agus go bhfuil EUR 248.8 billiún de chaipiteal suibscríofa aige lena léirítear dliteanas cáiníocóirí; de bhrí nach bhfuil iasachtaíocht BEI le feiceáil i staidreamh fiachais náisiúnta; de bhrí go bhfágann an cineál sin lasmuigh den chlár comhardaithe go bhfuil dianchaighdeáin éifeachtúlachta agus iniúchadh seachtrach bunriachtanach; de bhrí nach mór leathnú shainordú BEI a mheaitseáil le socruithe iniúchóireachta seachtracha a neartú;

Oibríochtaí airgeadais agus feidhmíocht BEI

1. ag cur sonrú i bhfeidhmíocht airgeadais chobhsaí Ghrúpa BEI in 2024; á chur i bhfáth nach mór rath a thomhas trí thorthaí eacnamaíocha inléirithe, ní hamháin trí mhéideanna sínithe;

2. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur tháinig méadú faoi thrí ar sciar na n-íocaíochtaí atá thar téarma níos mó ná 90 lá, arbh ionann é agus EUR 281.3 milliún san

iomlán ag deireadh 2024 agus arb ionann é agus 0.06 % den phunann iasachta iomlán (i gcomparáid le EUR 82.4 milliún nó 0.02 % ag deireadh 2023); á thabhairt chun suntais go sáraíonn na méaduithe sin ar neamhchosaintí neamhthuillmheacha agus ar íocaíochtaí atá thar téarma an fás 2 % sa phunann iasachta fhoriomlán;

InvestEU, simpliú an chreata airgeadais ilbhliantúil, agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

3. ag tabhairt dá haire gur fhormheas BEI 38 n-oibríocht faoi InvestEU in 2024, agus leas á bhaint as EUR 1.7 billiún de ráthaíocht an Aontais; á chur i bhfáth gur cheart measúnú a dhéanamh ar chlár InvestEU de réir cháilíocht a idirghabhálacha agus a dtionchair intomhaiste seachas de réir chainníocht an chistithe a úsáidtear amháin; á áitiú nach mór don tuairisciú fócas a aistriú ó mhéadracht ionchur-bhunaithe go táscairí tionchar-bhunaithe lena léirítear fíorthorthaí eacnamaíocha;

4. ag tabhairt dá haire go mbíonn neamhéifeachtúlachtaí mar thoradh ar thírdhreach cistiúcháin ilroinnte an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach maorlathas a laghdú chun iomaíochas a athbhunú;

Slándáil fuinnimh

5. á iarraidh ar BEI maoiniú fuinnimh núicléach a leathnú agus meastóireacht a dhéanamh ar gach tionscadal ísealcharbóin de réir critéir oibiachtúla lena n-áirítear déine carbóin saolré agus cobhsaíocht eangaí, gan idirdhealú a dhéanamh idir teicneolaíochtaí; á chur i bhfáth go gcoinníonn na Ballstáit an ceart ceannasach a meascán fuinnimh a chinneadh;

Beartas cosanta agus slándála

6. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannchuidiú Ghrúpa BEI le síocháin agus slándáil na hEorpa, mar a leagtar amach sa pháipéar bán maidir le Cosaint na hEorpa - Ullmhacht 2030, trína thacaíocht do thionscnaimh chun tionscal cosanta an Aontais a neartú, bonneagar cibearshlándála a fheabhsú agus nuálaíocht i dteicneolaíochtaí cosanta criticiúla a chur chun cinn trí chistiú a chur ar fáil agus infheistíocht phríobháideach a ghiaráil;

7. á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh BEI in ann gach cineál tionscadal cosanta a chistiú;

8. á iarraidh ar BEI bacainní a shainaithint lena gcuirtear bac ar infheistíochtaí cosanta agus cosanta teorann; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach bacainní a bhaint chun torthaí slándála inláimhsithe a bhaint amach;

9. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé comhar struchtúrtha a bhunú le Ciste Nuálaíochta ECAT chun sineirgí a áirithiú agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí a uas-scálú i gcás nach leor caipiteal príobháideach;

Infheistíochtaí i réimsí inniúlachta náisiúnta

10. á mheabhrú gur cheart aghaidh a thabhairt ar dhúshláin tithíochta go príomha ar an leibhéal áitiúil nó ar an leibhéal náisiúnta; á cheistiú más léiriú é ar luach iarbhír ar

airgead maoiniú BEI le haghaidh tionscadail tithíochta atá go hiomlán áitiúil agus nach bhfuil gné thrasteorann ag baint leo;

Tacaíocht do FBManna, cuideachtaí meánchaipitlithe, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis agus gnólachtaí eile

11. ag cur béim ar an bhfíoras nach mór do BEI díriú ar fhíorchlistí margaidh agus nár cheart go bhfeidhmeodh a infheistíochtaí mar ionadú ar chaipiteal príobháideach ná ar bhuiséid náisiúnta; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach timpeallacht iomaíoch an mhargaidh a chosaint;

12. ag cur sonrú i dtorthaí Thuarascáil Speisialta 07/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le breisíocht neamhleor; ag tabhairt rabhadh faoin mbaol a bhaineann le hinfheistíocht phríobháideach a bhrú amach; á iarraidh go mbeadh tairseacha riosca cainníochtúla ann agus go ndéanfaí measúnuithe plódaithe *ex post*;

13. ag tabhairt dá haire go bhfuil ualaí riaracháin níos airde i gceist le hiasachtaí BEI ná iasachtaí tráchtála; á iarraidh ar BEI pleananna a fhoilsiú chun srianta a laghdú;

Réimsí beartais an chomhtháthaithe, na haeráide, na digiteála agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil

14. á chur i bhfáth go ndéantar tuairisciú bunaithe ar aschuir tomhais méide seachas ar thorthaí; á iarraidh go mbeadh táscairí atá dírithe ar thorthaí ann amhail astaíochtaí CO2 a sheachnaítear in aghaidh an euro a infheistítear; á mholadh go mbeadh ann do thagarmharcáil in aghaidh idirghabhálacha inchomparáide;

15. ag tabhairt rabhaidh go bhfuil an baol ann go gcruthófar comhdhéanamh punainne nach féidir a dhéanamh go matamaiticiúil mar gheall ar charnadh leanúnach spriocanna príomhshruthaithe forluiteacha;

Gníomhaíochtaí BEI lasmuigh den Aontas Eorpach

16. á áitiú go mbeadh iasachtú chuig tíortha nach bhfuil san Aontas coinníollach ar chomhar leis an Aontas maidir le bainistiú imirce, lena n-áirítear athligean isteach;

17. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil bearta láidre frithchalaoise bunriachtanach chun muinín na gcáiníocóirí as infheistíochtaí BEI agus a thacaíocht leanúnach don Úcráin a áirithiú; á iarraidh go mbeadh dianchaighdeáin iniúchóireachta ann; á áitiú gur cheart go mbeadh maoirseacht neamhshrianta ag BEI ar a infheistíochtaí uile lasmuigh den Aontas;

Ollstruchtúr cuntasachta BEI

18. ag formhuiniú ráiteas CC 1/2025 ón gCoiste Teagmhála ina sainaithnítear bearnaí criticiúla iniúchóireachta; ag tabhairt dá haire paradacsa shainordú leathnaithe agus chumhachtaí iniúchóireachta srianta BEI; á iarraidh go mbeadh na huasfhorais iniúchóireachta náisiúnta rannpháirteach; á athdhearbhú go bhfuil gá le hathrú ar an gConradh chun rochtain iomlán ar BEI a thabhairt do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;

19. á chur in iúl gur cúis bhuartha di féimheacht Northvolt, in ainneoin go bhfuair sé EUR 942.6 milliún in iasachtú BEI; ag tabhairt dá haire gur cosúil go bhfuil rioscaí comhchosúla ann le Stegra; á iarraidh go nochtfaí measúnuithe riosca BEI; á éileamh go ndéanfaí athbhreithniú ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chás Northvolt; á iarraidh ar BEI na próifílí measúnaithe riosca do na gníomhaíochtaí sin agus do ghníomhaíochtaí comhchosúla eile a nochtadh; ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI mionsonraí a chur ar fáil maidir leis an bpróiseas meastóireachta agus cinnteoireachta a tharla roimh an infheistíocht in Northvolt AB, agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar theip ar thionscadal ríthábhachtach den sórt sin in ainneoin mhaímh BEI go ndéanann sé faireachán leormhaith agus leanúnach ar thairbhithe a thacaíochta airgeadais; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na naisc pháirtí-pholaitiúla idir ceannaireacht BEI agus infheisteoir agus comhairleoir luath de chuid Northvolt;

20. á áitiú go láidir go neartófaí cosc coinbhleachtaí leasa; á iarraidh go mbeadh tréimhsí marana níos déine ann do leas-uachtaráin BEI agus go mbeadh rialacha níos soiléire ann maidir lena rannpháirtíocht i gcinntí a bhaineann lena dtíortha tionscnaimh;

Trédhearcacht, grinnscrúdú agus maoirseacht

21. á chur in iúl gur oth léi gur theip ar BEI obair leantach a dhéanamh ar thuarascáil bhliantúil na Parlaiminte maidir lena ghníomhaíochtaí airgeadais in 2023[1]; á chur i bhfáth go bhfuil comhaontú idirinstitiúideach bunriachtanach do chomhar intuartha;

Gníomh iardain i leith na moltaí ón bParlaimint

22. á iarraidh go ndéanfaí obair leantach thráthúil ar an méid seo a leanas: (a) tionchar infheistíochta; (b) cosc coinbhleachtaí leasa; (c) trédhearcacht; (d) an rún seo;

°

° °

23. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún, agus á iarraidh go ndéanfadh an Chomhairle agus Bord Stiúrthóirí BEI díospóireacht ar sheasaimh sin na Parlaiminte a léirítear ann.

[1] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 28 Feabhra 2024 maidir le rialú ghníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2022 (2023/2046(INI)) (IO C, C/2024/6742, 26.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6742/oj).